# An Tiarna Edward Fitzgerald

Protastúnach Angla-Éireannach ba ea an Tiarna Edward Fitzgerald ar chuir Réabhlóid Mheiriceá cor ina chinniúint. Chuir Fitzgerald dlús faoi imeachtaí Éirí Amach 1798.

Féach ar an bhfíseán ar An Tiarna Edward Fitzgerald. Agus tú ag breathnú air, abair an bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach.



# An Tiarna Edward Fitzgerald

| | | |
|---|---|---|
| Cailleadh Lord Edward Fitzgerald sa bhliain 1798 | **F** | |
| Níor throid sé i gCogadh Saoirse Mheiriceá | | |
| Ní raibh aon spéis aige i Réabhlóid Wolfe Tone in Éirinn | | |
| Fuair sé tacaíocht ón Spáinn don Réabhlóid | | |
| Theastaigh ó na hÉireannaigh Aontaithe an pobal Caitliceach agus Protastúnach in Éirinn a aontú | | |
| Bhí na hÉireannaigh Aontaithe ag iarraidh poblacht neamhspleách Éireannach a bhunú | | |
| Fuair na hÉireannaigh Aontaithe tacaíocht ón bhFrainc don Éirí Amach | | |
| Ghabh Sir Henry Sirr Lord Edward Fitzgerald | | |
| D'éirigh leis an Éirí Amach i mBaile Átha Cliath | | |
| Bhí an tÉirí Amach ar siúl i ngach contae in Éirinn | | |
| Tháinig fórsaí na Fraince i dtír in Éirinn i mí Lúnasa 1798 | | |

Foghlaim TG4

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# An Tiarna Edward Fitzgerald

## Anois, léigh an t-alt seo faoin Tiarna Edward Fitzgerald agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis.

Rugadh Lord Edward Fitzgerald i Londain sa bhliain 1763 ach chaith sé blianta a óige i gCill Dara agus sa Charraig Dhubh i mBaile Átha Cliath. Ba as teaghlach an-saibhir é. An Chéad Diúc Laighean ba ea a athair. Protastúnach a bhí ann. Throid sé in Arm na Breataine i gCogadh Saoirse Mheiriceá. Ba i Meiriceá a d'fhoghlaim sé an-chuid faoin éagothroime sa domhan. Rinne sé cairdeas le sclabhaí agus é i Meiriceá agus cuireadh ar a shúile dó go bhféadfadh bráithreachas daonna a bheith ann i measc an chine dhaonna. Tháinig sé abhaile ó Mheiriceá, chaith sé tamall ina fheisire parlaiminte d'Áth Í i gCill Dara ach bhí fonn taistil arís air agus chuaigh sé ar ais in Arm na Breataine agus go Ceanada a cuireadh an uair seo é.

Chuir sé aithne ar Mheiriceánaigh dhúchasacha agus é i gCeanada agus bhí tionchar nach beag aige sin air. Bhí an poblachtachas ag fás agus ag forbairt ann. Chreid sé go raibh gach duine cothrom agus gur cheart fáil réidh leis na haicmí éagsúla sa tsochaí. Spreag Réabhlóid na Fraince Fitzgerald freisin. Thug sé cuairt ar Pháras na Fraince sna 1790idí luatha agus agus tháinig sé faoi anáil na réabhlóide ansin. Go deimhin, caitheadh amach as Arm na Breataine é mar gheall ar a chuid tuairimí i leith na réabhlóide sin. Bhí an poblachtachas agus an bráithreachas daonna ag bailiú nirt in Éirinn sna 1790idí agus ba iad Cumann na nÉireannach Aontaithe ba mhó a chuir na tuairimí radacacha seo chun cinn timpeall na tíre. Theastaigh ó Chumann na nÉireannach Aontaithe neamhspleáchas iomlán a bhaint amach d'Éirinn ón mBreatain agus go mbeadh gach duine sa tír cothrom, ba chuma cén creideamh nó aicme lenar bhain siad.

Ghlac Fitzgerald ballraíocht i gCumann na nÉireannach Aontaithe sa bhliain 1796 agus bhí sé ar dhuine de na príomhcheannairí míleata a d'eagraigh Éirí Amach 1798. Gabhadh agus goineadh é cúpla lá roimh thús an Éirí Amach, áfach, de bharr gur sceith spiairí eolas air. Cailleadh é i mí an mheithimh 1798 de bharr a ghortuithe.

# An Tiarna Edward Fitzgerald

## Gluais

Éagothroime=easpa cothromaíochta
Bráithreachas daonna=gach duine ar chomhchéim lena chéile
Feisire parlaiminte=duine tofa ar son an phobail mar chuid de pharlaimint na hÉireann
An poblachtachas= bealach rialaithe chun cumhacht a thabhairt don phobal
Aicmí éagsúla = grúpaí sa phobal rangaithe ó thaobh stádais de
Tuairimí radacacha = tuairimí neamhghnácha nach bhfuil coinbhinsiúnach
Goineadh = gortaíodh

## Ceisteanna

- Cén bhliain a rugadh Lord Edward Fitzgerald?
- Cérbh é a athair?
- Cén áit ar throid sé le hArm na Breataine?
- Cérbh iad na himeachtaí a spreag tuairimí polaitiúla Fitzgerald?
- Cén cumann ar ghlac sé ballraíocht ann sa bhliain 1796?
- Cad a tharla dó cúpla lá roimh thús Éirí Amach 1798?
- Cén fáth, meas tú, a raibh Cogadh Saoirse Mheiriceá agus Réabhlóid na Fraince agus mar spreagadh aige?
- Cérbh iad na tuairimí polaitiúla a bhí ag Cumann na nÉireannach Aontaithe.
- Fiosraigh gabhadh Fitzgerald ag an Maor Henry Sirr agus breac síos cúig phointe a dhéanann cur síos ar phríomhimeachtaí na heachtra sin.
- An gceapann tú go raibh an ceart Rialtas na Breataine an Tiarna Fitzgerald a ghabhadh? Cén fáth?

Foghlaim TG4
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

# An Tiarna Edward Fitzgerald

## Meaitseáil

| | |
|---|---|
| Cumann na nÉireannach Aontaithe | daoine a sceith eolas faoi na hÉireannaigh Aontaithe |
| 1798 | an mhí ar tháinig cabhlach na Fraince i dtír in Éirinn |
| An Fhrainc | an bhliain ar rugadh Lord Edward Fitzgerald |
| Spiairí | an áit ba mhó a raibh rath ar iarrachtaí na nÉireannach Aontaithe san Éirí Amach |
| Newgate | cumann a raibh sé d'aidhm acu poblacht neamhspleách Éireannach a bhunú |
| Mí Lúnasa 1798 | an príosún inar cuireadh Fitzgerald nuair a ghabhadh é i 1798 |
| Theobold Wolfe Tone | ceann de na príomhchúiseanna le teip an Éirí Amac |
| Loch Garman | an fear a ghabh Lord Edward Fitzgerald |
| An Maor Henry Sirr | ceannaire na nÉireannach Aontaithe |
| easpa arm | an tír a thug cabhair mhíleata d'Éirinn |

# An Tiarna Edward Fitzgerald

Bhí ról lárnach ag an Tiarna Fitzgerald in imeachtaí Éirí Amach 1798. Seo deich bhfíric faoin imeacht staire tábhachtach sin:

- San ochtú haois déag bhí Caitlicigh agus Preispitéirigh na hÉireann an-mhíshásta de bharr na bpéindlithe. Ba bheag cumhacht a bhí acu agus ní raibh aon fheisirí pairliminte dá gcuid féin sa rialtas.
- Chonaic roinnt mhaith daoine an rath a bhí ar Réabhlóid na Fraince agus Mheiriceá agus spreag na himeachtaí sin Caitlicigh agus Preispitéirigh chun gnímh.
- Dá bharr sin, bunaíodh na hÉireannaigh Aontaithe chun an poblachtachas a chur chun cinn in Éirinn. Bheartaigh siad Éirí Amach a eagrú.
- Ba iad Henry Joy McCracken agus Henry Monro a bhí i gceannas an Éirí Amach a tharla i gCúige Uladh ag tús mhí an mheithimh 1798. Theip ar an Éirí Amach sin go sciobtha agus cuireadh an bheirt cheannairí sin chun báis.
- Bhí rath ar an Éirí Amach i Loch Garman ar feadh tamaill. Ba é an tAthair Seán Ó Murchú a bhí i gceannas ar ionsaí a rinneadh ag Buile Mhoadhóg. Bhí cúpla bua maith acu in Inis Córthaidh agus Loch Garman. Ar deireadh, áfach, tar éis sléachta, cuireadh na hÉireannaigh Aontaithe sin faoi chois ansin freisin.
- Lorg Wolfe Tone, comrádaí an Tiarna Fitzgerald cabhair a lorg ó phoblachtanaigh na Fraince. Bhí na Francigh báúil leis na hÉireannaigh Aontaithe. Bheartaigh siad lámh chúnta a thabhairt do Tone agus a chomrádaithe.
- I mí Lúnasa 1798 tháing fórsa Francach i dTír i Maigh Eo faoi stiúir an Ghinearáil Humbert. D'éirigh go maith leis an ionsaí sin ar feadh tamaill ach buaileadh go dona iad ag cath Bhéal Átha na Muc i gContae Longfoirt.

# An Tiarna Edward Fitzgerald

- I nDeireadh Fómhair 1798 tháinig Wolfe Tone i gcabhlach Francach go cósta Dhún na nGall. Faraor, bhí spiairí ag na Breatanaigh a sceith eolas faoin ionsaí agus bhí arm na Breataine réidh. Ghabh siad Tone agus na Francaigh a tháinig leis ag Loch Súilí. Fuair Tone bás go tragóideach sa phríosún.

- Ba é an príomhthoradh ar na himeachtaí seo ar fad ná Acht an Aontais. Bheartaigh lucht na Breataine nach raibh pobal na hÉireann iontaofa ná macánta.

- Thug siad rialtas na hÉireann ar ais go Westminster agus, aisteach go leor, d'éirigh an ceangal idir an Bhreatain agus Éire níos láidre. Ba theip ghlan an tÉirí Amach cé gur spreag na himeachtaí sin poblachtanaigh níos déanaí sa naoú haois déag agus san fhichiú haois.